


# Féiniúlacht

## Clár

Léigh é!	Na Ceiltigh . . . . .	6
Bí ag caint!	Cad is brí le ‘cultúr’? . . . . .	6
	Cad é do thuairim faoin nGaeilge? . . . . .	7
Léigh é!	An ‘cúpla focal’ ag fáil bháis. . . . .	8
	‘Is Éireannach mé.’ . . . . .	9
<b>Beatha Teanga í a Labhairt.</b>	. . . . .	<b>10</b>
Bí ag caint!	Nod don nath. . . . .	11
	GLGA: Gaeilge Gach Lá Gach Áit . . . . .	12
Tasc scríofa:	Comhrá. . . . .	14
	Rólghlacadh . . . . .	14
Léigh é!	AbairLeat! Suíomh sóisialta na Gaeilge . . . . .	15
Tasc scríofa:	Proifil idirlín a chruthú . . . . .	16
Ar líne:	Quiz idirghníomhach ar líne . . . . .	16
Léigh é!	Cailín órga na dornálaíochta . . . . .	17
Éist go géar!	Ceachtanna cluastuisceana . . . . .	19
Tasc scríofa:	Cárta aitheantaí . . . . .	20
<b>Greim ar Ghramadach:</b> An Chopail ‘Is’ . . . . .	. . . . .	20
<b>Ainmneacha is Slinnte na nGael</b>	. . . . .	<b>21</b>
Léigh é!	Cad is ainm duit? . . . . .	22
Tasc scríofa:	Do shloinne féin . . . . .	23
Léigh é!	Muintir na hÉireann – cine dochreidte! . . . . .	24
	Going, going . . . green! An domhan ‘á ghlasú’ chun Lá Fhéile Pádraig a cheiliúradh! . . . . .	25
<b>Féinmheasúnú:</b>	Cad atá foghlamtha agam? . . . . .	27
<b>Lig do Scíth:</b>	Dréimire Focal, Puzal . . . . .	28





Toghsaítear náiméad chun an píosa seo a léamh go ciúin tú féin. Tá na focal dheacra, atá i gcló dubh, mínithe sa gluais (*glossary*) thíos. Ansin freagair na ceisteanna a leanann i do chóipleabhar.

## Na Ceiltigh

Má rugadh tú féin is do thuistí in Éirinn gach seans gur Ceilteach tú. Ach, cérbh iad na Ceiltigh agus cad as ar tháinig siad?

**Bhuel**, níl a fhios againn **go cinnte cad as** nó cathain **go díreach** ar tháinig na Ceiltigh go hÉirinn. Ceaptar gur **threibh** iad a tháinig ón **Eoraip Thiar Theas** timpeall 750–100 BC. Bhí **clú agus cáil** orthu mar **laochra**, mar **throdairí**, mar cheoltóirí is scéalaithe, agus nuair a tháinig siad go hÉirinn thug siad leo cultúr saibhir atá fós beo inniu.



### Gloss

**bhuel**: well  
**go cinnte**: for sure  
**cad as**: from where

**go díreach**: exactly  
**treibh**: tribe  
**Eoraip Thiar Theas**: SW Europe

**clú agus cáil**: famous  
**laochra**: warriors / heroes  
**throdairí**: fighters

### Ceisteanna

1. Cathain a cheaptar gur tháinig na Ceiltigh go hÉireann?
2. Cén cháil a bhí orthu?
3. Cad ar thug siad leo?
4. An Ceilteach tusa? Cén fáth?

Bí ag caint!

### Cad is brí le ‘cultúr’?

1. Ag obair leis an dalta in aice leat, féach ar na tíortha seo a leanas agus abair trí rud a ritheann leat maidir le cultúr gach tíre. Bí réidh do thuairimí a rá os comhair an ranga.

SAMPLA

An India: Curaí, An Taj Mahal, Bollywood  
An Bhraisil: Samba, Sacar, An Phortaingéilis

- Meiriceá
- Sasana
- An tSín (*China*)
- An Astráil / Cultúr Aborigine
- Jamaica
- An Ghearmáin
- Albain (*Scotland*)
- An Nua Shéalainnn / Cultúr Maori

2. Cad iad na rudai is tábhacthaí (*most important*), dar leat, chun cultúr a thaispeáint? Cén fáth? Mar rang, léigh agus pléigh an liosta thíos. Scríobh amach i do chóipleabhar é ag cur (1)–(10) in aice leis na focail de réir do thuairime (1 = an-tábhacthach 10 = níl sé ró-thábhacthach).

- ◆ Éadaí ◆ Spóirt ◆ Ceol agus Damhsa ◆ Saol Sóisialta ◆ Teanga ◆ Reiligiúin / Creideamh
- ◆ Tréithe na nDaoine ◆ Bia agus Deoch ◆ Ainmneacha Traidisiúnta ◆ Cláracha Teilifíse



## Tasc ealaíona

Déan Collage (pictiúir/grianghraif) nó Wordle a léiríonn cultúr na hÉireann. Cuir i láthair don rang é.

Bí ag caint!

### Cad é do thuairim faoin nGaeilge?

Ag obair leis an dalta in aice leat cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile. Tóg nóiméad i dtosach chun féachaint ar an mbosca foclóra thíos agus cuir tic le frásáí a chabhróidh leat. Bí réidh do thuairimí a thabhairt don rang.

- An maith leat an Ghaeilge? Cén fáth?
- Cad a cheapann tú faoin nGaeilge ar scoil? Cén fáth?
- An raibh tú riagh sa Ghaeltacht?
- An bhféachann tú féin nó éinne eile sa bhaile ar TG4? Cén sórt cláracha?

**Is maith liom Gaeilge.**

I like Irish.

**Is aoibhinn liom Gaeilge.**

I love Irish.

**Níl aon suim agam sa Ghaeilge – tá sí leadránach.**

I've no interest in Irish – it's boring.

**Tá mé idir dhá chomhairle faoin teanga.**

I'm between two minds about the language.

**Ba mhaith liom a bheith líofa ach tá sí ró-dheacair.**

I would like to be fluent but it's too hard.

**B'fhearr liom Mandairínis a fhoghlaím.**

I would prefer to learn Mandarin.

**Is cur amú ama é an Ghaeilge a fhoghlaím – níl sí ag teastáil d'aon rud.**

Learning Irish is a waste of time – it's not needed for anything.

**Tá an teanga marbh. Ní labhraíonn éinne í ach muintir na Gaeltachta.**

The language is dead. Nobody speaks it except the people in the Gaeltacht.

**Is cur amú ama é an t-airgead a chaitheann an Rialtas ar an teanga.**

The money the Government spends on Irish is wasted.

**Ba chóir rogha a thabhairt do dhaltaí ar scoil faoin nGaeilge a staidéar.**

Students should be given a choice in schools whether or not to study Irish.

**Is teanga álainn í an Ghaeilge agus ba chóir meas a bheith againn uirthi.**

Irish is a lovely language and we should respect it.

**Is maith liom an Ghaeilge ach ní maith liom an Ghaeilge ar scoil.**

I like Irish but I don't like Irish in school.

**Ba chóir do gach duine dul go dtí an Ghaeltacht chun an teanga a fhoghlaím.**

Everybody should go to the Gaeltacht to learn the language.



Toghsimíodh chun an sliocht seo a léamh go ciúin tú féin. (Tá na focail dheacra, atá i gcló dubh, mínithe sa ghluaís faoina bhun.) Bí réidh é a léamh os ard don rang, agus ansin freagair na ceisteanna a leanann i do chóipleabhar.

# 1


## An ‘cúpla focal’ ag fáil bháis

1. Is í ár dteanga **dhúchais** í ach, **de réir** an *UNESCO Atlas of the World’s Languages in Danger*, tá an Ghaeilge **i mbaol** bháis.

2. In ainneoin sár-iarrachtaí Des Bishop, Bernard Dunne agus daoine eile, deir UNESCO go bhfuil stádas ‘definitely endangered’ tuillte ag an nGaeilge. Bíonn an stádas seo ag teanga nuair nach bhfoghlaimíonn páistí í sa bhaile mar theanga **labhartha** na clainne.

3. Is cúis imní é seo do Ghaeilgeoirí agus do dhaoine a bhfuil grá acu don teanga. De réir figíúirí Roinn na Gaeltachta tá 44,000 duine ina gcónai i nGaeltachtaí a labhraíonn an teanga **go laethúil**. Ach, de réir Daonáireamh 2011 (Census 2011) ní féidir le 70% de mhuintir na hÉireann Gaeilge a labhairt agus deir 12% de dhaoine go n-úsáideann siad an teanga go laethúil ach sa chóras oideachais amháin.

(as alt le Katherine Donnelly san *Irish Independent*)



### Gluais

**ag fáil bháis:** dying  
**dúchais:** native  
**de réir:** according to  
**i mbaol:** in danger

**in ainneoin:** in spite of  
**sár:** excellent  
**iarrachtaí:** efforts

**labhartha:** spoken  
**is cúis imní é:** it is a cause of concern  
**go laethúil:** daily

### Ceisteanna

1. Cad a deir an *UNESCO Atlas of World’s Languages in Danger* faoin nGaeilge?
2. Cathain a rinneadh an tuairisc (*report*)?
3. Ainmnigh beirt duine atá ag iarraidh an Ghaeilge a choimeád beo, de réir an ailt.
4. Cathain a thugtar stádas ‘definitely endangered’ do theanga?
5. Cé mhéad duine in Éirinn nach bhfuil ábalta Gaeilge a labhairt?



Tóg nóiméad chun an sliocht seo a léamh go ciúin tú féin. Bí réidh é a léamh os ard don rang. Nuair atá sé léite ag an rang, déan plé ranga ar na ceisteanna faoina bhun.

## 2

### 'Is Éireannach mé'

Deir Des Bishop gur **fuirseoir** Éireannach é ó na Bronx, **Nua Eabhrac**. Lena **chuma** agus a **blas** Meiriceánach ní cheapfadhb éinne gurb Éireannach é ach sin a deir sé!

Tháinig Des go hÉirinn nuair a bhí sé ina dhéagóir agus, mar sin, ní dhearna sé Gaeilge ar scoil. **Bhraith sé** go raibh rud éigin **in easnamh** mar ní raibh aon Ghaeilge aige agus **shocraigh** sé bliain a chaitheamh i nGaeltacht Chonamara chun an teanga a fhoghlaim. Dar leis féin, ba é 'the final frontier of Irish life I had yet to explore'.

Ba **thuras 'spioradálta'** é dó: chuaigh sé ag iascaireacht i gcurrach, scread bainisteoir peile leis as Gaeilge agus thit na cailíní timpeall ag gáire faoi agus é ag cleachtadh dá **bhéaltríail** i scrúdú na hArdteistiméireachta. Ach, ar an lá fuair sé grád A agus bhí a **sprioc** bainte amach aige – a chéad 'stand-up' a dhéanamh as Gaeilge – a 'theanga dhúchais'.

Chuaigh Des ar ais go Meiriceá ag deireadh na bliana agus thóg sé Antoine – mac an tí – leis. Dúirt siad go raibh sé **an-áisiúil** Gaeilge a labhairt ar an subway. 'Tá an Ghaeilge *handy*anois, a Antoine' agus iad **ag cúlchain** faoi na daoine timpeall orthu. 'Tá sé suimiúil agus difriúil,' arsa Des, 'a bheith ábalta Gaeilge a labhairt. Tá *identity* féin san áit mar seo.'

Chuala siad fear ag canadh amhráin i nGaeilge líofa i Times Square agus labhair sé le dalta a bhí ag foghlaim Gaeilge a dúirt go dtugann sé 'sórt *pride* a bheith ag foghlaim teanga eile'.

Deir Des go bhfuil **dlúthbhaint** idir teanga agus **féiniúlacht**. 'Anseo, bhí mé Meiriceánach, ach ní raibh mé ag smaoineamh Meiriceánach i mo shaol. Éireannach mé.'

Cé nach bhfuil gach focal ceart aige tuigimid!

#### Gluais

**fuirseoir:** comedian  
**Nua Eabhrac:** New York  
**cuma:** appearance  
**blas:** accent  
**bhraith sé:** he felt  
**in easnamh:** missing  
**shocraigh:** decided

**turas spioradálta:** spiritual journey  
**bhéaltríail:** oral Irish exam  
**sprioc:** aim/objective  
**áisiúil:** handy  
**ag cúlchain:** gossiping  
**dlúthbhaint:** close  
**féiniúlacht:** identity



#### Ceisteanna

1. Ar chuir aon rud sa dá alt thusa ionadh ort? Cad é/iad?
2. Deir Des Bishop go dtugann an teanga 'identity' dó. An aontaíonn tú? Cén fáth?
3. An mbeadh brón ort dá bhfaighfeadh an teanga bás?

**Bosca Foclóra**

<b>Chuir sé ionadh orm nuair a léigh mé . . .</b>	I was surprised when I read . . .
<b>Níor chuir aon rud ionadh orm.</b>	I wasn't surprised by anything.
<b>Bheadh brón orm.</b>	I would be sad.
<b>Ní bheadh brón orm.</b>	I wouldn't be sad.
<b>Is cuma liom.</b>	I don't care.
<b>Is cuma sa diabhal liom!</b>	I couldn't give a toss!
<b>Tá a teanga féin ag beagnach gach thír ar domhan.</b>	Almost every country in the world has its own language. Why can't we?
<b>Cén fáth nach mbeadh sí agaínn?</b>	Irish is part of our culture.
<b>Is cuid d'ár gcultúr í an Ghaeilge.</b>	Culture has to do with other things, for example our sports, our music. So the language is not that important.
<b>Baineann a lán rudaí eile le cultúr, mar shampaí</b> <b>ár spóirt, ár gceol. Mar sin níl an teanga ró-thábhachtach.</b>	I don't have to speak Irish to be Irish.
<b>Ní gá dom Gaeilge a labhairt le bheith i</b> <b>m'Éireannach.</b>	



SAM

**Beatha Teanga í a Labhairt!**

Is minic a deir daoine nach bhfuil focal Gaeilge acu ach de ghnáth ní fíor sin ar chor ar bith. Uaireanta bíonn eagla ar dhaoine go ndéanfaidh siad botún. Ach, mar a deir an seansfhocal, beatha teanga í a labhairt (*a language only lives if spoken*), agus is linne ar fad an Ghaeilge. Mar sin, ná bí buartha faoi na botúin agus ar aghaidh leat!

*Cleachtadh a dhéanann máistreacht* (practice makes perfect).

Bain taitneamh as an gcluiche seo a leanas atá bunaithe ar nathanna comóntha sa Ghaeilge.

Bí ag caint!

### Nod don Nath

Ag obair i d'aonar nó leis an dalta in aice leat, cuir Gaeilge ar na focail nò frásáí chun do bhealach a dhéanamh trasna an bhoird chomh tapa agus is féidir – ó bhun go barr, trasna nò trasnánach (*diagonally*). Cuir suas do lámh nuair atá na freagraí go léir agat agus abair os ard iad. Beidh an bua ag an gcéad duine a shroicheann an taobh eile.

Lean ort agus líon an bosca ar fad. Go n-éirí leat!

Freagraí ar fáil ag  
Teachers' Resources ar  
[www.mentorbooks.ie](http://www.mentorbooks.ie)

**SAMPLA: GRMA – Thank You = Go Raibh Maith Agat**

GML	AS	GSS	CAT	LDS
Excuse me	Any news?	Happy as Larry /satisfied	How are you?	Relax!
TBO	DIMD	CGO	FN	BC
I am sorry/sad	Response to 'Dia dhuit'	Call me!	Wait a minute	Be careful
TGBÉ	SGF	DAMMOB	ÁM	CGL
Take it easy!	Goodbye for now	The dog ate my homework!	Best of luck	OK
FGgCT	ASB	AMNM	BLD	AL / IL
Wait till you hear!	Spilling rain	On the pig's back	Thank God	Absent / Present
IACT	NTDLA	AbhFCADA	NDD	NATMDTF
You're a right idiot!	I have no idea!	May I go out?	Don't forget	There's no place like home



Téigh ar [www.talkirish.com](http://www.talkirish.com) agus gliogáil ar 'Irish Word a Day' chun ríomhphost a fháil gach lá le focal nua Gaeilge.  
nó

Téigh ar [www.gaelchultur.com](http://www.gaelchultur.com) agus gliogáil ar 'Frása an Lae' (Phrase of the Day).

Cuir an focal / frásá ar bhalla do sheomra ranga nò ar shuíomh idirlín na scoile.

**Bosca Foclóra**

**Bí ag caint!**

**GLGA: Gaeilge, Gach Lá Gach Áit**

Bain úsáid as na frásáí seo thíos gach lá agus glac do pháirt i ré nua na Gaeilge!

**Beannachtaí (greetings)**

**Dia dhuit / Dia is Muire dhuit**

**Haigh**

**'Aon scéal?**

**'Scéal ar bith / Diabhal Scéal!**

**Feicfidh mé níos déanaí tú**

**Slán**

**Conas atá tú?**

**Go breá, go raibh maith agat.**

**Ceart go leor.**

**Níl mé go maith . . .**

**Ní gearánta dom**

**Tuirseach, traochta!**

**Dubh dóite!**

Hello

Hi

Any news?

No news / Devil a bit!

See you later

Bye

Well, thank you.

OK

I'm not good . . .

No complaint

Tired! / Wrecked!

Fed up!

Excuse me

I don't understand

I don't know

What does X mean?

How do you say X in Irish?

How do you spell X?

Again, please

I'm sorry, I forgot my homework.

May I go to my locker, please?

**Foclóir ranga (classroom vocabulary)**

**Gabh mo leithscéal**

**Ní thuigim**

**Níl a fhios agam**

**Cad is brí le X?**

**Conas a deirtear X as Gaeilge?**

**Conas a litrítear X?**

**Arís, le do thoil**

**Tá brón orm, rinne mé dearmad ar m'obair bhaille.**

**An bhfuil cead agam dul go dtí mo thaisceadán, más**

**é do thoil é?**

**Ceisteanna ginearálta (general questions)**

**Cá bhfuil . . . ?**

**An bhfuil . . . agat?**

**An bhfaca tú . . . ?**

**Ar chuala tú faoi . . . ?**

**An maith leat . . . ?**

**Ar mhaith leat . . . ?**

**Céard faoi . . . ?**

**Cén t-am?**

Where is . . . ?

Have you got . . . ?

Did you see . . . ?

Did you hear about . . . ?

Do you like . . . ?

Would you like . . . ?

What about . . . ?

What time?



## Bosca Foclóra

### Tuairimí (opinions)

Is maith liom . . .

Ba mhaith liom . . .

Is breá liom

Ba bhrefá liom . . .

I like . . .

I would like . . .

I love . . .

I would love . . .

Is fearr liom X ná Y

Taitníonn X liom

Thaitin X go mór liom

I prefer X to Y

I enjoy X

I really enjoyed X

Ní maith liom . . .

Is fuath liom . . .

### Leithscéalta (apologies)

Gabh mo leithscéal

Tá brón orm

'Brón orm a bheith déanach

I don't like . . .

I hate . . .

Excuse me

I'm sorry

Sorry I'm late



Ag magadh (teasing/joking)

Is pleidhce tú!

Is amadán / dúdaire ceart tú!

Is óinseach tú!

Is seansálaí tú!

Is móir an chraic tú!

Is croí na cuideachta ag cóisir tú!

You're a messer!

You're a right idiot (male)

You're an idiot (female)

You're a chancer!

You're a hoot!

You're a right party-animal!

Ionadh (surprise)

A Thiarcais / A Dhiabhaill!

Fan go gcloise tú!

Níl tú dáiríre!

An bhfuil tú ag magadh?

Oh my goodness!

Wait till you hear!

You're not serious!

Are you joking?

### Nathanna úsáideacha eile (other useful phrases)

Fear fónta!

Sound man!

Togha / lontach!

Great!

Ná déan dearmad

Don't forget

Ná bac leis

Don't bother / don't bother about

it

Cuir glaoch orm

Call me

Cuir téacs chugam

Text me.



## Tasc scríofa

**A. Comhrá**

Is tusa Peadar. Tá tú déanach don rang Gaeilge. Tagann tú isteach agus gabhann tú leithscéal leis an múinteoir. Ansin, suíonn tú síos in aice le do chara, Cathal. Seo thíos an comhrá a bhí eadraibh. Líon na bearnaí (le cabhair ón mbosca foclóra ar lch 12, 13) agus scríobh amach i do chóipleabhar é.

**MÚINTEOIR:** Haigh, a Pheadair. Tá tú \_\_\_\_\_ . Cá raibh tú?

**PEADAR:** Tá \_\_\_\_\_ orm, a mhúinteoir, a bheith déanach. Bhí mé ag caint leis an bpriomhoide.

**MÚINTEOIR:** Bhuel, suigh síosanois go tapa in aice le Cathal.

**CATHAL:** Fan go \_\_\_\_\_ tú. Tá scrúdú againn inniu.

**PEADAR:** Ó, a \_\_\_\_\_ ! Níl tú \_\_\_\_\_ !

**CATHAL:** Táim ag \_\_\_\_\_ !

**PEADAR:** Is \_\_\_\_\_ tú!

**MÚINTEOIR:** Obair bhaile amachanois, a dhaltaí.

**PEADAR:** Tá brón \_\_\_\_\_ , rinne mé \_\_\_\_\_ ar mo chóipleabhar.

An bhfuil \_\_\_\_\_ agam dul go dtí mo \_\_\_\_\_ más é do thoil é?

**MÚINTEOIR:** Ceart \_\_\_\_\_ , tá, ach ná déan \_\_\_\_\_ air arís.

**CATHAL:** Conas a \_\_\_\_\_ ‘the dog ate my homework’ as Gaeilge?

**PEADAR:** Is \_\_\_\_\_ tú!

**MÚINTEOIR:** Stopaigí an chaint, a bhuaachaillí. Táim bodhar agaibh!

**B. Rólghlacadh**

Fuair tú glaoch teileafóin ó do chara ag rá go bhfuil a thuistí imithe as baile agus go mbeidh cóisir aige anocht ina theach. Seo thíos an cómhrá a bhí acu. Ag baint úsáide as na nathanna thuas, cuir Gaeilge ar an gcomhrá agus déan an rólghlacadh os comhair an ranga.

**PÓL:** Hi, Oisín. Pól here. How are you?

**OISÍN:** Hi, Pól. I’m good. Any news?

**PÓL:** Wait till you hear . . . Mam and Dad are in Paris for the weekend. There will be a party in my house Saturday. Would you like to come?

**OISÍN:** I’d love to come. What time?

**PÓL:** 10 o’clock.

**OISÍN:** Is Cian going? He’s a real party animal!

**PÓL:** No. He’s in hospital. He was at a party last night and fell down the stairs and broke his leg.

**OISÍN:** Oh my goodness! Are you serious?

**PÓL:** Yes. He’s a right idiot!

**OISÍN:** Would you like my iPod for the party?

**PÓL:** Sound man!

**OISÍN:** Great! See you Saturday. Bye.

**PÓL:** Bye.

**C. Comhrá**

Fuair do chara dhá thicéad do cheolchoirm The Script i Londain ag an deireadh seachtaine. D’iarr sí ort dul léi. Scríobh an comhrá a bhí eadraibh (*between you*).



Tóg nóiméad chun an sliocht seo a léamh go ciúin tú féin. Bí réidh é a léamh os ard don rang, agus ansin freagair na ceisteanna a leanann i do chóipleabhar.

## AbairLeat! Suíomh sóisialta na Gaeilge

1. An bhfuil an Ghaeilge ag fáil bháis nó an bhfuil buzz nua sa teanga? Tá **moladh** mór faigthe ag an suíomh sóisialta AbairLeat!, an chéad suíomh sóisialta do **mhionteanga** ar domhan!
2. Lainseáladh an suíomh mí Feabhra 2012 agus tá 1,000 úsáideoirí in aghaidh an lae aige cheana féin – daoine ag labhairt lena gcairde, ag póstáil a scéalta is a smaointe agus **ag roinnt** a ngrianghraf, a bhfíseán agus a **gcomhad fuaimé**.
3. Caithfidh seachtó faoin gcéad (70%) de na ‘posts’ a bheith i nGaeilge ach ná bíodh imní ort faoi do chuid gramadaí mar is féidir leat focail a **aistriú** agus litriú a sheiceáil ar an suíomh. Is féidir leat freisin taitneamh a bhaint as físeáin, leathanaigh *memes* Gaeilge agus cartúin nua do chuid féin a phóstáil.
4. Creid é ná creid tá breis is milliún go leith duine a úsáideann Gaeilge ar Facebook faoi láthair agus ba mhaith le AbairLeat! na daoine seo – agus níos mó – a mhealladh chuig an suíomh nua. Cabhróidh an suíomh go mór le daltaí scoile ach is é an rud is fearr ná go dtugann sé seans do dhaoine an teanga a úsáid i **gcomhthéacs** nádúrtha, **neamhfhoirmeálta** agus taitneamh a bhaint aisti.
5. Le seachtó milliún duine ar fud an domhain a deir gurb ‘Éireannaigh’ iad, agus aos óg na tíre ag dul **ar imirce** arís, is deis iontach í AbairLeat! teagháil a choimeád le clann is cairde agus do ‘chúpla focal’ a úsáid. Agus na milliúin duine ag téacsáil, ag póstáil agus ag tuíteáil trí Ghaeilge gach lá, b’fhéidir go bhfuil **ré** nua i ndán don teanga a bhuíochas don nua-theicneolaíocht, agus d’AbairLeat! a ainmníodh do Web Award 2012.

### Glossary

**moladh:** praise  
**miunteanga:** minority language  
**ag roinnt:** sharing

**comhad fuaimé:** sound file  
**aistriú:** translate  
**comhthéacs:** context  
**neamhfhoirmeálta:** informal

**ar imirce:** emigrating  
**ré:** era

### Ceisteanna

1. (a) Cad atá speisialta faoin suíomh nua ‘AbairLeat!’?  
 (b) Cathain a lainseáladh é?
2. (a) Cé mhéad úsáideoirí atá aige cheana féin?  
 (b) Luagh trí rud gur féidir le húsáideoirí a dhéanamh ar an suíomh.
3. (a) Céard ba mhaith le AbairLeat! a dhéanamh?  
 (b) Cad é an rud is fearr faoin suíomh nua, dar leis an údar?
4. Cé mhéad ‘posts’ a chaithfidh a bheith i nGaeilge?
5. Cén fáth a deir an t-údar go bhfuil ‘ré nua’ i ndán don teanga?



## Tasc scríofa

## Proifíl idirlín a chruthú

Scríobh amach proifíl díot féin i nGaeilge a bheadh oiriúnach don suíomh sóisialta AbairLeat! Féach ar na prifílí eile ar [www.abairleat.com](http://www.abairleat.com) mar chabhair. Bíodh na sonraí seo a leanas ann:



Ná clois, ná feic, ná habair agus ná póistáil aon droch rud.

- D'ainm baiste agus do shloinne
- Leasainm má tá ceann agat
- Dáta breithe

- Áit chónaithe
- Cén sórt duine tú? (Féach thíos)
- Do chaitheamh aimsire.

Is duine . . .

spórtúil	ealaíonta	cainteach	uaillmhianach
drámatúil	sóisialta	neamhspleách	dáiríre
ceolmhar	ciúin/cúthail	plámásach	réchúiseach

. . . mé.



## Ar líne

Logáil isteach ar [www.facebook.com/abairleat](http://www.facebook.com/abairleat).  
Cuardaigh an app 'Lámha Suas'.

Déan an quiz idirghníomhach (*interactive*). Roinn le do chairde é chun breis pointí a fháil. Go n-éirí leat!

Bí ag caint!

## Fíor nó bréagach?

Mar rang, léigh os ard na habairtí greannmhara seo faoi mhuintir na hÉireann, a tógadh as suíomhanna éagsúla ar an idirlín. Cé gur abairtí magúla iad, an bhfuil rian den fhírinne iontu? Bí réidh a rá os comhair an ranga má cheapann tú go bhfuil siad fíor nó bréagach.

## Is Éireannach tú nuair . . .

- ... atá gruaig rua ort agus milliún bricíní gréine (freckles)!
- ... is aoibhinn leat 'an chraic' agus ní druga atá i gceist.
- ... a ólann tú fiche cupán tae gach lá agus caithfidh gur Barry's nó Lyon's é.
- ... a thuigeann tú na focail 'culchie', 'bogger' agus 'D4 head'.
- ... a théann do thuistí go dtí an teach tábhairne chun gach ócáid a cheiliúradh.
- ... a rinne tú níos mó airgid as do Chéad Chomaoineach (First Communion) ná mar a fhaigheann do mham nó do dhaid as obair seachtaine!
- ... is aoibhinn leat prátaí agus itheann tú iad le gach béile, fiú lasagne!
- ... a bhíonn tú i gcónaí déanach do gach rud.

... a deir tú 'How's it going?' le gach duine ach níl aon suim agat san fhreagra.  
 ... atá aithne agat ar dhuine darb ainm 'Murph' nó 'Mac'.  
 ... a chuireann tú 'Ó' ag deireadh gach ainm – Dano, Johnno . . .  
 ... a deir tú i gcónai 'I can't speak a word of Irish!' ach tuigeann tú 'Póg Mo Thóin'!



## Tasc cumadóireachta

Ag obair leis an dalta in aice leat cum samplaí eile nach bhfuil sa bhosca thusa. Scríobh amach i do chóipleabhar iad agus bí réidh iad a léamh amach don rang.

### **Sampa:**

Is Éireannach tú nuair a . . .  
 . . . ghlaonn tú 'Tayo' ar gach paicéad criospaí.



Toghsaítear níoméad chun an sliocht seo a léamh go ciúin tú féin. Bí réidh é a léamh os ard don rang, agus ansin déan na ceachtanna a leanann.

## Cailín órga na dornálaíochta

1. Is laoch Ceilteach í gan dabht! Katie Taylor is ainm di. Rugadh is tóigadh i gCill Mhantáin í agus is Curadh Eorpach, Curadh Domhanda agus Curadh Olimpeacha í!
2. Ní dhéanfaidh éinne **dearmad** ar na cluichí **dornálaíochta** i gCluichí Olimpeacha 2012 i Londain. Nuair a shiúil Katie amach in Ionad Dornálaíochta ExCel chun troid in aghaidh Natasha Jones ón mBreatain lig an slua **gáir mholta** astu a shroich 113.7 **deicibeil** – chomh hard le ceolchoirm rac agus **beagnach** chomh hard le torann éitleáin!
3. Bhuaigh Katie an cluiche agus, cé go raibh sí ag troid in aghaidh an chailín '**áitiúla**', bhuaigh sí **croíthe** na Sasanaigh freisin. As sin amach bhí na Sasanaigh chomh maith leis na hÉireannaigh ag canadh 'Olé Olé' ar son an chailín ó Chill Mhantáin.
4. Ar aghaidh le Katie chun **bonn cré-umha** a fháil nuair a bhuaigh sí an babhta **leathcheannais** in aghaidh cailín ó Tajikistan ach ní raibh sí sásta fós. Sa **bhabhta ceannais** bhuaile sí le Sofya Ochigava ón Rúis agus bhuaigh sí an bonn óir!
5. Tá ainm Katie scríofa sna leabhair staire mar an chéad Churadh Olimpiceach i gComórtas Dornálaíochta na mBan ach is léir freisin go bhfuil áit speisialta ag an gcaillín ciúin i gcroíthe mhuintir na tíre seo agus ar fud an domhain.



### Gluais

**curadh:** champion  
**dearmad:** forget  
**dornálaíocht:** boxing  
**gáir mholta:** cheer

**deicibeil:** decibel  
**beagnach:** almost  
**áitiúil:** local  
**croíthe:** hearts

**ar aghaidh le:** on with  
**bonn cré-umha:** bronze  
**leathcheannais:** semi-final  
**babhta ceannais:** final

### Ceisteanna

1. (a) Cár rugadh Katie Taylor?  
(b) Cén fáth gur Laoch Ceilteach í?
2. (a) Cad a tharla nuair a shiúil Katie amach in Ionad Dornálaíochta ExCel chun troid in aghaidh Natasha Jones?  
(b) Cén rud iontach a bhaineann leis an ngáir mholtá a fuair sí?
3. Cé a bhí ag canadh 'Olé Olé' ar son Katie?
4. Cén fáth a bhfuil ainm Katie sna leabhair staire?

Bí ag caint!

### Cad í an cheist?

Cuir Gaeilge ar na ceisteanna seo thíos agus cuir ar an dalta in aice leat iad.

1. Where were the boxing matches on?
2. When did the crowd cheer?
3. What is the name of the 'local girl'?
4. What medal did Katie win?
5. Why is Katie's name written in the history books?
6. Do you like boxing?
7. Do you prefer women's boxing or men's boxing?

### Bosca Foclóra

#### Foirmeacha Ceiste:

Cé: who

Cad/Céard/Cén: what

Cá/Cá háit: where

Cathain: when

Conas: how

Cén fáth: why

Cé mhéad: how many

Cad as do X? where is X from?



## Ceachtanna Cluastuisceana

Is iomaí duine cáiliúil a rugadh is a tógadh in Éirinn. Éist leis na leideanna ar an bpodchraoladh agus scríobh síos ainmneacha na nÉireannach cáiliúla a luaitear.

1. • Is bean í.  
• Rugadh i Nua Eabhrac í sa bhliain 1994 ach tá sí ina cónaí i gCeatharlach ó bhí sí trí bliana d'aois.  
• Tá ainm Gaelach uirthi a chiallaíonn 'freedom'.  
• Tá clú agus cáil uirthi mar aisteoir agus bhí páirt mhór aici sa scannán *Hanna*.

**Cé hí?**

**Traic 1**

2. • Is cúpla iad.  
• Rugadh i mBaile Átha Cliath iad sa bhliain 1991.  
• Chan siad dhá uair ar son na hÉireann sa chomórtas *Eurofísé*.

**Cé hiad?**

**Traic 2**

3. • Is fear é.  
• Rugadh is tógadh an fear seo i gCluain Tarbh i mBaile Átha Cliath.  
• Is imreoir rugbaí iontach é.  
• Ní raibh sé ró-chairdiúil le Tana Umaga ar feadh tamall mar gheall ar 'speartackle'.

**Cé hé?**

**Traic 3**

4. • Ba scríbhneoir é an duine seo ach tá sé marbhanois.  
• Rugadh i mBaile Átha Cliath é.  
• Scríobh sé leabhar uafás a chuir eagla ar a lán daoine.  
• Bhí baint ag an scéal le vaimpírí.

**Cé hé?**

**Traic 4**

5. • Is bean spórtúil í.  
• Rugadh is tógadh i gCo. Chill Mhantáin í.  
• Is curadh (*champion*) na hEorpa agus an Domhain agus Oiliompiceach í ina spórt.  
• Is maith léi a bheith ábalta Gaeilge a labhairt nuair atá sí i dtíortha eile.

**Cé hí?**

**Traic 5**

6. • Is fear óg é as Co. na hIarmhí  
• Rugadh i mí Mheán Fómhair 1993 é.  
• Ghlac sé páirt i seó tallainne agus bhí an t-ádh leis.  
• Tá a ainm baiste cosúil le habhainn cháiliúil san Éigipt!

**Cé hé?**

**Traic 6**

7. • Rugadh an fear seo i nDoire sa bhliain 1939.  
• Is é 'James' an leagan Béarla dá ainm baiste.  
• Tá clú agus cáil air ar fud an domhain mar fhile.  
• Bhuaigh sé Duais Nobel na Litríochta sa bhliain 1995.

**Cé hé?**

**Traic 7**

8. • Rugadh an fear seo i gCorcaigh.  
• Ba pholaiteoir cáiliúil é ach tá sé marbhanois.  
• Fuair sé bás tragóideach i mBéal na mBláth nuair a bhí sé 32 bhliain d'aois.  
• Sa bhliain 1996 rinneadh scannán faoina shaol.

**Cé hé?**

**Traic 8**